

Treoracha

Leibhéal B2

Topaic 2: Teach agus baile, ceantar cónaithe

Bileog 2.1

- Roinn an rang i mbeirteanna agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le hagallamh a bhí ar Raidió na Gaeltachta ar an 08 Deireadh Fómhair 2008. Scaip **Bileog 2.1** ar an rang.
- *Cúrsaí tithíochta – Réamhobair éisteachta*: Tabhair deis dóibh ransú intinne a dhéanamh ar na focail a bheadh úsáideach le comhrá a dhéanamh faoi na teidil seo:

Ag ceannach tí

morgáiste
dleacht stampa
ceant

éarlais
gníomhaire eastáit
ceantálaí

Ag cóiriú tí

a phéinteáil
síneadh a chur leis
a ghlanadh
a athmhaisiú

caoi/bail a chur air
an teach gloine a ath-thógáil
a athchóiriú

Ag fáil árasáin ar cíós

tionónta/tionóntaí
áit a fháil ar cíós
na billí anuas ar an gcíós

áit a ligean amach ar cíós
na billí istigh leis an gcíós
éarlais

- Iarr orthu ansin ceisteanna 1-4 a dhéanamh ina mbeirteanna go fóill. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó ach amháin le ceist 2: ‘An suíomh is mó réadmhaoin in Éirinn’.
- *Cúrsaí tithíochta – Éisteacht*: Abair leis an rang go gcuirfidh tú an mhír ar siúl uair amháin agus go gcaithfidh siad (a) - (c) a dhéanamh. Nuair atá sé déanta acu pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad. Seinn an mhír uair amháin eile agus iarr orthu (d) agus (e) a dhéanamh ansin. Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

Freagraí:

- Seans atá anseo do na foghlaimeoirí *gist* na míre a sholáthar.
- €62,000 – An costas atá ar theach i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath.
€280,000 – An costas atá ar theach i nDún na nGall a bhfuil cúig sheomra ann agus atá réidh le bogadh isteach ann.
€1,226,000 – An costas atá ar theach eile i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath.

Treoracha

- (c) €62,000 – ocht gcéad seasca dó míle euro.
 €280,000 – dhá chéad ochtó míle euro.
 €1,226,000 – milliún, dhá chéad fiche a sé míle euro.

- (d) seomra codlata: **seomra leapa**
 i gcónaí: **i dtólamh**
 píosa: **giota**
 ag féachaint ar: **ag amharc ar**
 an-daor: **iontach daor**

(e) Tabhair deis don rang plé a dhéanamh ar chanúint Uladh. Má tá canúint Uladh acu ar fad beidh siad in ann labhairt faoi na tréithe canúna atá ar eolas acu agus an dearcadh atá ag daoine eile faoin chanúint. Má tá canúint eile acu abair leo a smaointe faoi chanúint Uladh a nochtadh – na fuaimeanna, na nathanna cainte agus na difríochtaí idir í agus na canúintí atá acu féin.

- *Cúrsaí tithíochta – Teanga:* Iarr ar gach beirt na pointí gramadaí a phlé le chéile. Pléigh thusa na rialacha leo tar éis dóibh tamall a chaitheamh ag plé na rialacha iad féin.

Freagraí:

- cuirtear ‘a’ roimh an ainm: A Áine
- cuirtear séimhiú ar thús an ainm má thosaíonn sé le consan: A Mháire
- ní bhíonn aon athrú ar thús an ainm má thosaíonn sé le guta: A Éamainn
- caolaítear ainmneacha fear: A Phóil
- ní chaolaítear ainmneacha ban: A Shiobhán
- gurb é: aimsir láithreach roimh ghuta
- gurbh é: aimsir chaite/modh coinníollach roimh ghuta

Bileog 2.2a, Bileog 2.2b agus Bileog 2.2c

- *Cleachtadh breise:* Abair leis an rang go mbeidh siad ag déanamh cur síos ar ball beag ar thithe atá i gceist acu a cheannach (taobh amuigh agus taobh istigh). Abair le gach beirt mar sin liosta a dhéanamh den troscán a bhíonn le fáil i dteach, ar an chineál teasa is féidir a bheith ann, an cineál urláir agus araile.

Samplaí:

Cairpéad/cairpéid
 Urlár adhmaid
 Cuirtín/cuirtíní
 Tine gháis
 Téitheoir leictreach
 Póstaer/póstaeir

Brat urláir/brait urláir
 Balcóin
 Tine oscailte
 Teasaire
 Páipéar balla
 Teach gloine

Treoracha

<i>Bothán</i>	<i>Grianán</i>
<i>Sonsa</i>	<i>Cabhsa</i>
<i>Léana</i>	<i>Lasc</i>
<i>Plocóid</i>	<i>Soicéad</i>
<i>Murlán</i>	<i>Buacaire</i>
<i>Matal</i>	<i>Teallach</i>
<i>Radaitheoir/radaitheoirí</i>	<i>Folúsghlantóir</i>
<i>Triomadóir</i>	<i>Seomra bia</i>
<i>Seomra staidéir</i>	<i>Áiléar</i>
<i>Íoslach</i>	<i>Garáiste</i>
<i>Seomra cluichí</i>	<i>Leabhragán</i>
<i>Inneall níocháin</i>	<i>Niteoir soithí/Miasniteoir</i>
<i>Guthán</i>	

- Bíodh pictiúir de thithe gearrtha amach agat ó irisí agus nuachtáin roimh an rang agus tabhair pictiúr amháin de theach do gach duine sa rang. Abair leo gurb é an teach sa phictiúr an teach a bhfuil rún acu é a cheannach.
- Cuir gach beirt ina suí le chéile agus mínigh dóibh go gcaithfidh siad cur síos a dhéanamh dá chéile ar na tithe sna pictiúir agus go gcaithfidh siad a rá cén fáth go bhfuil siad chun an teach áirithe sin a cheannach.
- Bí ar fáil tú féin ar eagla go mbeadh aon deacracht acu. Nuair atá tamall maith caite acu ag caint iarr ar dhaoine éagsúla cur síos ar a dtithe a dhéanamh duit. Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.
- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta.
- *Teach ar cíos – Rólimirt:* Déan cur síos ar an *scenario* leis an rang.
 - *Scenario:* Tá poist agus caitheamh aimsire éagsúla ag an cheathrar sa ghrúpa. Caithfidh an ceathrar teach a fháil ar cíos le roinnt le chéile ó liosta de cheithre theach. Caithfidh siad teacht ar comhréiteach maidir leis an teach atá siad ar fad sásta a fháil ar cíos le chéile.
- Bíodh cóip agat de **Bileog 2.2a** do gach duine. Bíodh na cártaí ar **Bileog 2.2b** gearrtha amach agat roimh an rang fosta. Ba cheart go mbeadh ról difriúil (ról A, B, C agus D) ag gach duine den cheathrar.
- Bí cinnte go bhfuil na focail seo acu: *scoite/leathscoite/scóipiúil/muiríne/córas slándála* sula gcuireann tú tús leis an ghníomhaíocht.
- Abair le gach duine na fógraí faoi na tithe ar cíos a léamh iad féin ar dtús agus cinneadh a dhéanamh cén teach ba mhaith leo féin (bunaithe ar na ról atá acu, ar ndóigh).
- Nuair atá na fógraí léite ag gach duine ina n-aonar agus cinneadh déanta, iarr orthu cur agus cúiteamh a dhéanamh le teacht ar réiteach faoin teach atá fóirsteanach do chách.
- Iarr ar dhuine amháin ó gach grúpa a rá os ard cén teach a roghnaigh an grúpa agus cén fáth.
- Pléigh deacracht ar bith a bhí ag an rang.
- Scaip **Bileog 2.2c** ar an rang.

Treasora

- *Teach ar cíós – Plé:* Cuir gach beirt ag obair le chéile ag plé na gceisteanna 1-10.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad agus ceartaigh aon bhotún a chuala tú le linn na cainte.
- *Teach ar cíós – Teanga:* Abair le gach beirt ansin na ceisteanna gramadaí (a) – (c) a phlé le chéile.

Freagraí:(a) *An Aimsir Ghnáthchaite*

- Úsáidtear an aimsir ghnáthchaite le tagairt d'eachtraí a tharlaíodh go rialta san am a chuaigh thart.
- Seo na deirí do na briathra rialta:

Tóg	Caith	Ceannaigh	Imigh
thógainn	chaithinn	cheannaínn	d'imínn
thógtá	chaiteá	cheannaíteá	d'imíteá
thógadh sé/sí	chaitheadh sé/sí	cheannaíodh sé/sí	d'imíodh sé/sí
thógaimis	chaithimis	cheannaímis	d'imímis
thógadh sibh	chaitheadh sibh	cheannaíodh sibh	d'imíodh sibh
thógaidís	chaithidís	cheannaíodís	d'imídís

(b) Chomh maith leis sin, is féidir úsáid a bhaint as – **Ba ghnách liom!**

(c) Iarr ar gach beirt na modhanna atá acu le gramadach a fhoghlaim a phlé le chéile.

- *Easpa dídine – Plé:* Cuir gach triúr ina suí le chéile ansin agus iarr orthu an píosa faoi *Pobal Simon* a léamh iad féin ar dtús agus na ceisteanna a phlé le chéile ansin.

Bileog 2.3a agus Bileog 2.3b

- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís agus abair leo go mbeidh leath an ranga ag léamh agus ag déanamh cur síos ar Oileán Thoraí agus go mbeidh an leath eile ag léamh agus ag déanamh cur síos ar Chathair Chorcaí. Scaip **Bileog 2.3** ar an rang.
- *Ceantar cónaithe – Réamhobair:* Léigh na ceisteanna leo agus iarr orthu tabhairt faoin réamhobair.

Freagraí:

(A)

Ceantar tuaithe, cathrach, talmhaíochta, iascaireachta, tionsclaíochta, turasóireachta, sléibhtiúil

Treoracha

(C)

cladach – *seashore/beach*
 inbhear - *estuary*
 cuan - *bay*
 grúdlann - *brewery*

farantóireacht lastais - *cargo ferrying*
 calafort - *port*
 duga - *dock*
 bánaithe - *deserted*

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Tabhair **Bileog 2.3a** do bheirt den cheathrar sin (faoi Oileán Thoraí) agus **Bileog 2.3b** (faoi Chathair Chorcaí) don bheirt eile.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh gach beirt an t-eolas ar fad faoin áit atá acu a léamh le chéile agus go mbeidh siad ag déanamh cur síos ar ball don bheirt in aice leo ar an áit sin.
- Scríobh na teidil seo ar an chlár dubh agus iarr ar gach beirt na pointí is tábhachtaí ón eolas a roghnú agus a chur faoi na teidil.

Stair**Ealaín****Áiseanna****An áit anois**

- Tabhair tamall do gach beirt an t-eolas faoi Thoraí agus faoi Chorcaigh a léamh, a thuiscint agus a achoimriú le chéile (beidh siad ag scríobh na bpointí achoimrithe).
- Nuair atá siad réidh caithfidh siad cur síos a dhéanamh don bheirt in aice leo ar an áit.
- Ba cheart go mbeadh an bheirt atá ag éisteacht leis an chur síos a bheith ag cur ceisteanna chomh maith agus ag tógáil nótaí dá mba mhaith leo.
- Iarr ar bheirt cur síos a dhéanamh duit ar Oileán Thoraí agus ar bheirt eile cur síos a dhéanamh ar Chathair Chorcaí.

Bileog 2.4

- Scaip **Bileog 2.4** ar an rang agus abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le mír a bhí ar **Barrscéalta** faoi Michael Jackson agus oileán i dTír Chonaill.
- *Ceantar cónaithe – Réamhobair éisteachta*: Tabhair deis dóibh na ceisteanna (a)-(c) a dhéanamh sula gcuireann tú an mhír ar siúl.

Freagraí:

Dúchas – Eagraíocht stáit a bhí ann le haire a thabhairt d’fhoirgnimh agus do shuímh oidhreachta. Bhíodh an eagraíocht ann idir 1995 agus 2003. Tháinig *Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra* ina dhiaidh sin a bhí freagrach as an oidhrecht as sin amach.

a thoiseacht:	a thosú
uilig:	gach/uile
rud inteacht:	rud éigin
cha raibh:	ní raibh
beithígh:	eallach
thart ar:	timpeall

Treoracha

- *Ceantar cónaithe – Éisteacht:* Cuir an mhír ar siúl faoi dhó agus abair leis an rang na ceisteanna 1-4 a dhéanamh ina dhiaidh sin. Iarr ar gach beirt a bhfreagraí a chur i gcomparáid le chéile, agus cuir an mhír ar siúl uair amháin eile ansin más gá.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- Tuairimíocht atá ann den chuid is mó ach amháin le ceist 2: Tabhair seans dóibh plé a dhéanamh ar an logainm *An Fhearthainn. Narin* an Béarla atá air agus ciallaíonn sé *rain* as Gaeilge. Seo focail eile a bhíonn i logainmneacha go rialta:

Áth	Béal
Carraig	Cill
Cluain	Gort
Inis	Lios
Muileann	Ráth

- *Ceantar cónaithe – Teanga:* Iarr ar gach beirt na pointí a bhaineann leis an réamhfhocal simplí **ar** a phlé le chéile.

Freagraí:

- Leanann séimhiú **'ar'** nuair is rud cinnte atá i gceist, mar shampla:

Ar Sheán, ar bhord, ar bharr an tí, ar chathaoir

- Ní leanann séimhiú **'ar'** nuair:
 - *is nath ginearálta atá i gceist, ar muir, ar bord, ar comhchéim*
 - *a bhíonn coinníoll i gceist nó nuair a chiallaíonn an focal ar agus an focal eile rud amháin, ar meisce, ar siúl, ar ceal.*
 - *a bhíonn am i gceist, ar ball, ar maidin.*
- *Ceantar cónaithe – Scríobh:* Abair leis an rang píosa a scríobh don chéad rang eile faoin teach / ceantar ar bhreá leo cónaí ann.

